AMÁRAĊ

3d

Guṫ na Gaeltaċta

Foillsiṫe gaċ Diardaoin.
Nuaċtan seaċtaiṁúil na Gaeltaċta.
Aḃar fógraíoċta agus eagarṫóireaċta ċuig:— AMÁRAĊ, Ceanannus Mór.

Iml. 10. Uiṁ. 11. Aoine, 12ú Márta, 1965.

EAGARFOCAL. 12-3-1965

Gaeil na Féile Pádraig

Tá lá na Féile Pádraig buailte linn arís. Is lá mór é seo ag na Gaeil ṫar sáile. Déanta na fírinne, is ṫar sáile is mó a déantar ceiliúraḋ ar Lá Ḟéil' Pádraig. I Meiriceá go h-áiṫrid, is mó a tugtar an omós saolta seo do ḋaoine a ḃfuil fuil Éireannaċ iontu. Is minic adeirtear gur Éireannaċ gaċ duine teaċt na Féile Pádraig. Agus is íontaċ an fad ċod fada agus a ṫéid daoine ansin leis an omós don ġlas, nuair a níṫear dáṫú ar na sráideanna i nglas, agus fiú amáin daṫú ar deoċanna agus eile.

Anseo in Éirinn, tá nós eile, agus b'ḟéidir é lán ċom saoḃúil, mar deineann gaċ duine omós den Ġaeilge le linn seaċtain na Féile Pádraig. Deirtear paidreaċa i nGaeilge i Séipéil nár cluineaḋ iad roiṁe ar feaḋ na bliana ann. Bíonn giotaí Gaeilge ar ṗáipéirí naċ ḃfaċtas píosa Gaeilge ar feaḋ na bliana roiṁe sin iontu. Bíonn fógraí i nGaeilge ag tionsclóirí nár úsáid Gaeilge ar biṫ ar feaḋ na bliana roiṁe sin. Le fiċe focal a ċur i ḃfocal amáin, níonn tromlaċ an ṗobail omós den Ġaeilge le linn na féile náisiúnta.

Bí ciall leis seo, b'ḟéidir ins na céad blianta den aṫḃeoċaint, anuas go dtí 1916, nó 1922, nó b'ḟéidir roinnt blianta ina ḋiaiḋ, nuair naċ raiḃ caoi ann ag daoine le Gaeilge a ḟoġlaim nó le Gaeilge a úsáid. Is beag ciall nó bunús atá leis san am i láṫair. Ḃeaḋ sé céillí mar stáid sealadaċ, go dtí go mbeaḋ dóṫain Gaeilge ann lena h-úsáid go ginearálta. Aċ, ní mar sin atá san am i láṫair, aċ mar cineál de "uisce coisreacṫa" na náisiúntaċta, na cúpla focal a mbaintear úsáid as Lá Ḟeil' Ṗádraig. Is Éireannaiġ daoine poiblí Meiriceá (atá ag braṫ ar ḃótaí) Lá Ḟeile Pádraig; is Gaela, daoine poiblí na hÉireann ar feaḋ na cúpla uair tráṫ na Féile Pádraig.

Bí uair ann a dtiocfaiḋ linn neaṁṡuim agus neaṁíontas a ḋéanaṁ de seo, nuair a bí cuspóir cruinn ag an ṗobal agus an Stát seo, an Ġaeilge a aṫḃeoċaint, mar gnáṫ-ṫeanga. Aċ, tá faitíos mór ar ḋaoine tuiscionaċa san am i láṫair, naċ ḃfuil i gceist anois leis an aṫḃeoċaint feasta aċ an omós poiblí seo, do na rútaí as ar fáscaḋ an náisiún. Cúpla ainm i nGaeilge, cúpla focal Gaeilge ar ócáidí poiblí, roinnt beag Gaeilge tráṫ na Féil' Ṗádraig, le taispeáint go raiḃ a leiṫéid de ṫeanga ann. Seo é an argóint a bí ann ar tús i gcoinniḃ cló na Gaeilge — gur leor á úsáid ar ċorr ócáid speisialta. Narḃ ġá a úsáid ar fad. Tá an argóint céanna á úsáid i leiṫ na Gaeilge anois.

Toisc go ḃfuil sé á noċtú go poiblí go ḃfuil a leiṫéid de ċuspóir, a leiṫéid de aiḋm, a leiṫéid de réasúnú á ḋéanaṁ ar ġluaiseaċt na Gaeilge, is beag blas a ġeibeann Gaeilgeoirí anois ar taispeántaisí seo na Féile Pádraig.

Ní fir poiblí amáin atá páirteaċ nó ciontaċ anseo.

£2½ milliún caiteaċas Dún na nGall

Caiṫfiḋ Comairle Condae Ḋún na nGall os cionn £2½m. sa ċondae i mbliana. Tá gnóṫaí Comairle Condae ċom mór anois agus gur fíor ḋóiliġ soláṫar a ḋéanaṁ fána ċoinne as condae boċt mar Ḋún na nGall.

Níl duine fríd an ċondae nár baineaḋ preab as nuair a ṡocraiġ an Ċomairle Condae de aon ġuṫ ráta 64s. insan £ an tseaċtain seo caite—méadú de 8s. 1½d. sa £.

Is íontaċ le mórán gur ġlac na Comairleoirí Condae leis, gan mórán gearáin a ḋéanaṁ faoi. B'ḟéidir go síleann siadsan naċ ḃfuil neart acu air, agus ar ndóiġe, ar ḋóiġ—níl.

Aċ, caiṫfear a ċur na luí ar an ṗobal fríd an tír naċ ḃfuil ceart ná coṫrom ḋá ḟáil ag Dún na nGall agus go gcaiṫfear rud éigin a ḋéanaṁ faoi.

Ceann 's go ḃfuil pobal mór i nDún na nGall agus go ḃfuil luaċáil íseal ní cúis ar biṫ sin go gceanglófaí ualaċ ṫart ar a muineál acu a ċuidíonn le bánú na tuaiṫe.

Dúirt Séamas Mac Ruaiḋrí, as Ceann Caslaċ naċ raiḃ freagra ar biṫ ar faḋb na rátaí árda aċ ciste coṫromaiṫe rátaí ar fud cósta an Iarṫair.

Caiṫfiḋ rud éigin a ḋéanaṁ ⁊ a ḋéanaṁ ar scéim náisiúnta. Tá an ceart ag an Comairleoir Mac Ruaiḋrí, agus a luaiṫe a ṫiocfas muintir Ċomairle Condae Ḋún na nGall ar an intinn ċéanna agus a ḋéanfaḋ siad rud éigin faoi, mar atá ḋá ḋéanaṁ i gCo. Ṁuiġeo. Sé is fearr dióḃa féin agus don ċondae a ḃfuil siad a' laḃairt ar a son.

Gluaiseaċt Cosanta an Iarṫair

Cé naċ ḃfuil sé ag fáil mórán poiblíoċta ón nuaċtain Béarla, agus na nuaċtáin laeṫúil aċ go h-áiṫrid, tá gluaiseaċt cosanta an Iarṫar, ag dul go tréan agus go láidir.

San am i láṫair tá sé Easpaig mar Ṗatrúin ar an an ġluaiseaċt, go h-oscailte agus go láidir.

Tá na gluaiseaċtaí eile tríd an Iarṫar, ag bogaḋ isteaċ ċun tacaíoċt a ṫabairt do ċoiste slánaiṫe an Iarṫar san am i láṫair, agus ar an ċeann is déanaí a ṫug an tacaíoċt sin tá Bantraċt na Tuaiṫe.

Tugaḋ árd bualaḋ bos, ar feaḋ cúpla noiméid don Aṫair Mac Duiḃir, S.C., Gleann Colmcille, ó halla lán go doras, ag Coillte Maġaċ, an tseaċtain seo caite, nuair a míniġ sé cúrsaí na gluaiseaċta agus deiṁniġ sé arís naċ raiḃ aon polaitíoċt i gceist acu ċor ar biṫ.

Anois an t-am, adúirt sé, le deireaḋ a ċur le aicíd millteanaċ sileaḋ fola an Iarṫair, a bí a' fágáil ár ndaoine gan ṁaiṫ, agus ár dtír bánaiṫe. Níl muid ag iarraiḋ rud ar biṫ mí-ċeart, a r seisean. Níl muid aċ ag éileaṁ ár gcearta. Agus ná deinimís dearmad gur pobal mór an Iarṫar, a rinne an oiread sin insan ċogaḋ ar son saoirse ár dtíre. Ba ṫragóid náisiúnta é, seasaṁ i leaṫtaoḃ, agus coiméad ar ár bpobal agus ár ndaoine óga á dtarraingt ar siúl ón talaṁ is dual dióḃa.

Dúirt Seán Mac Aoḋbuí, rúnaí an ċoiste, go raiḃ bród air a rá, go raiḃ 6 Easpaig anois mar Ṗatrúin ar an ġluaiseaċt: Ard Easpag Ṫuama, agus Aċaḋ an Rí, Gaillim, Aillfinn, ċom maiṫ le Easpaig Ċill Alaiġ agus Ċluan Fearta.

Dúirt Bean Uí Ṡúilleaḃáin, Uaċtarán Bantraċ na Tuaiṫe, go raiḃ na mná go láidir ar ṫaoḃ gluaiseaċt sábála an Iarṫair.

De réir gaċ cosúlaċta, tá eagrais móra na h-aṫḃeoċana sásta leis ċom maiṫ. Táid sásta, is cosúil, le Gaeilge ar ócáidí áiṫril. Ní ṁeasann siad gur gá an Ġaeltaċt ina ḃfuil an Ġaeilge ina gnáṫeanga a ṫuilleaḋ. Aċ is teaċ tógṫa ar an ṫainiṁ a leiṫéid de ċuspóir. B'ḟéidir gur cuspóir do-ṡroiste Gaeilge mar gnáṫeanga in Éirinn, aċ, is cuspóir ciallṁar réasúnta é. Níl ciall ná réasún le cuspóir a d'ḟágfaḋ Gaeilge ann mar ornáid, nó mar teanga gan úsáid. Níor b'ḟiú a ḃeiṫ ag obair dona leiṫéid de ċuspóir.

Ṫit sé ina ċodlaḋ

Ag an Ċúirt Dúiċe ar an Cloċán tugaḋ cúis ag tiomáint dainséaraċ ag Ardbéar, ar an 19ú Meán Fóṁair, 1964 i gcoinniḃ Peadar S. Jeffries, An Cloċán, agus cuireaḋ siar go ginearálta é. Dúirt an cosantóir nuair a bí sé ag tiomáint leis féin ag 6 a.m. ón monarca feamainne ag Cloċ na Rón áit a raiḃ sé ar obair oíċe, gur ṫit sé ina ċodla. Ċuaiġ an cárr treasna an bóṫair, agus buail sé i gcoinniḃ cuaille telegraif. Ṡiúil sé ċuig an gután a ba coṁgaraí, agus ṫug sé tuairisc ar an taisme do Áras na nGardaí ar an Ċloċán. Ḃ-íocaḋ as an damáiste don cuaille telegrafa. Bí S. B. Seoiġe, aturnae, ṫar ceann an cosantóra.

£800 bonus iascaireaċt

Ceiliúraḋ coṁgairdeaċais d'iascaire as Árainn

Bí ceiliúraḋ an speisiúil in Ostán an Iarannróid, i nGaillim, deireaḋ na seaċtaine.

Ḃronn Bord Iascaiġ Ṁara seic £800 ar Tomás Seoiġe, Cill Rónáin, Inis Mór, scipéar an Ros Einne, as iomlán íocaíoċta a ġlanaḋ ar an tráiléar taoḃ istiġ de ḋeiċ mbliana.

Breandan Ó Ceallaiġ, Caṫaoirleaċ, Bord Iascaiġ Ṁara, a rinne an bronnaḋ agus bí cruinniú ionadaċ de tionscail na hiascaireaċta i láṫair, ċom maiṫ leis an Aire Cosanta, Gearóid Mac Parṫaláin, T.D.

Ag laḃairt i nGaeilge, dúirt an tUasal Ó Ceallaiġ, go ḃféadfaḋ iascairí faoi scéim Cáirde Mara Bord Iascaiġ Ṁara, tráiléar ḟáil, ar ċom h-íseal le 5 p.c. den ċostas. Bí deontas de 25 p.c. den ċostas, agus bí an ráta úis ċom h-íseal le 1 p.c. ar na ais-íocanna ar feaḋ cúig-bliana-déag, agus bí 10 p.c. de ċostas an tráiléara le fáil dá ndéantaí iomlán aisíoc taoḃ istiġ de ṫréiṁse deiċ mbliana.

Bí na téarmaí seo, adeir sé, ana fiall ar fad, agus naċ raiḃ a macasaṁail le fáil i dtionscail ar biṫ san lá inniu.

Rinne an tUasal Ó Ceallaiġ aċaine ar leiṫ do tionscail na hiascaireaċta ṫart fá'n ċósta fir óga a spreagaḋ le dul isteaċ insan Seirḃís Muirí ar feaḋ cúpla bliain roiṁ dul isteaċ i dtionscail na hiascaireaċta dióḃa. Dúirt an tUasal Ó Ceallaiġ go raiḃ árdṁeas aige ar an uiṁir (a bí ag méadú le fada). do iascairí na hÉireann tré na saoṫar féin, a bí ábálta na deontaisí breise 10 p.c. a ḟáil tré na h-aisíocanna a ḋéanaṁ taoḃ istiġ de deiċ mbliana.

Ċeana, bí an deontas £700 faiġte ag 8 scipéirí mar luaċ saoṫar ar a gcuid oibre. Agus bí sé a' ḋéanaṁ go mbeaḋ cuid maiṫ eile ag fáil an deontas seo ins na míosaí a bí roṁainn.

Ṁol an tUasal Ó Ceallaiġ an Scipéar Seoiġe go mór, agus dúirt sé go raiḃ sé ag cur leis an tradisiún a bí in Oileáin Árainn, agus an cleaċtaḋ farraige a bí acu.

Is do ceantar mar sin a bí an Bord ag súil fá ċoinne áḃar caḃlaċ iascaireaċta a raċaḋ ċun cinn leis an tionscail iascaireaċta a ċur ar a ḃonnaí i gceart. Bí cliú ar Árainn as Coṁar iarraċt anuas na blianta, agus bí sé seo níos táḃaċtaí anois ná ariaṁ.

Ċoṁairliġ sé go láidir do iascairí buntáiste a ḃaint as an cúrsa traenála agus nár ċeart dióḃa dul go Sasain nuair a ṫiocfaḋ leo £5 sa tseaċtain uiliġ sáḃáilte. a ḃeiṫ acu in Arm na hÉireann, nó Caḃlaċ na hÉireann. Ġeoḃaḋ fir óga na dul isteaċ insan Seirḃís Muirí ar feaḋ trí bliana, roiṁ dul isteaċ insan tionscail iascaireaċta. traenáil maiṫ a ċuirfeaḋ ar a gcumas suí fá ċoinne páipéar éifeaċta, rud a ḃeaḋ ag teastáil ar ḋaoine a ḃeaḋ ag iarraiḋ tráiléaraí níos mó.

Tionscail casta a bí i dtionscail na hiascaireaċta, adúirt an tUasal Ó Ceallaiġ. agus bí leaṫnú na margaiṫe sa ḃaile ⁊ ṫar sáile, mar réiṁ-riaċtanas fá ċoinne breis iascaireaċta.

Bí an úsáid éisc ar an ṁargaḋ baile ag méadú, tré ċur ċun cinn agus caiġdeán níos fearr dáiliṫe. Aċ, ní ṫiocfaḋ lán ṁéadú ar an tionscail go ndéanfaí lán ṁéadú ar na h-onnṁuiriṫe.

Ḃronn an tUasal Ó Ceallaiġ péire gloiní ar an Scipéar Seoiġe mar cuiṁneaċán ar an ócáid.

Dúirt an tAire Cosanta go raiḃ ár gcuid iascairí ċom maiṫ le iascairí ar biṫ ar an doṁan. Agus níor ṫuig sé cé'n fáṫ naċ raiḃ níos mó báid iascaireaċta amuiġ, nó má ṫiocfaḋ leis na Francaí agus na Spáinniġ é ḋéanaṁ, ṫiocfaḋ leis na hÉireannaiġ. Bí sé táḃaċtaċ don tionscail go mbeaḋ soláṫar leanúnaċ, ar luaċa réasúnta. Rinne sé coṁgáirdeaċas le Bord Iascaiġ Ṁara ar an seirḃís deisiṫe, agus coṫaḃáil.

Ḃeaḋ soláṫar seirḃísí cosanta don 12 míle iascaireaċta. Costasaċ, aċ ċreid sé le trí ċúrsaér agus níos mó báid iascaireaċta go dtiġ leo forbairt a ḋéanaṁ ar an ċeantar taoḃ istiġ den 12 míle.

Dúirt an tOllaṁ Ó Buaċalla, Caṫaoirleaċ na Seanaide, gur cúis ṁór pleisiúr dó a ḃeiṫ i láṫair. Dúirt sé gur ṫaispeáin suinbé taréis bunú an Stáit seo, go mbeaḋ £20 milliún le fáil ón iascaireaċt.

Rinne B. Ó Doṁnaill, ṫar ċeann Caḃlaċ Iascaiġ Báiġ na Gaillime, coṁgáirdeaċas leis an Uasal Seoiġe, agus ġaḃ sé buíoċas le Seán Ó Doċartaiġ, príoṁ-oifigeaċ, as na cúrsaí printíseaċta iascaireaċta i gCill Rónáin, agus na cúrsaí níos bunúsaí i nGaillim. Agus ṫug sé molaḋ don obair a rinne an tUasal Seán Mac Etteric, ó'n Roinn, agus Seán Ó Gallċoḃair, Bord Iascaiġ Ṁara, as an spreagaḋ a ṫug siad do ḋaoine óga ċun dul isteaċ san tionscail.

Bí an tAṫair S. Ó Cuanaiġ, S.C., Cill Rónáin, i láṫair ċom maiṫ.

Ard Teampall na Gaillime

Tá balla an tsean ṗríosúin a bí ṫart timpeall ar an Ard Teampall nua, ḟad agus bí sé á tógáil leagṫa ar fad anois. Níl fágṫa aċ an geata isteaċ in aice leis an áit ina mbíoḋ an croċ san tsean am. Tá maisiú ⁊ gléasaḋ taoḃ istiġ den Ard Teampall ag dul ar aġaiḋ go tapaí.